

Clár

1.	Cé na híocaíochtaí atá ar fáil do chaomhnóirí dílleachtaí?	3
2.	Cé hé an duine atá mar dhílleachta?	3
3.	Cé atá in ann iarratas a chur isteach ar Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó (Neamh-ranníocach)?	4
4.	Céard é an coinníoll maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC don Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)?	4
5.	Céard í an tástáil acmhainne don Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach)?	6
6.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	7
7.	Cé mhéad atá i gceist leis an íocaíocht?	8
8.	Cén fhad a maireann an íocaíocht?	8
9.	Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?	9
10.	Céard iad na híocaíochtaí leasa shóisialaigh eile is féidir a íoc in éineacht leis an Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó (Neamh-ranníocach)?	10
11.	An bhfuil aon sochair bhreise ann?	11
12.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	12

Eanáir 2010

Ó am go chéile, athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh nó lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 12 chun sonraí a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é á chur i gcló. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

1. Cé na híocaíochtaí atá ar fáil do chaomhnóirí dílleachtaí?

Is féidir le duine a thugann aire do dhílleachta na híocaíochtaí seo a leanas a fháil:

- **Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)**, agus í bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC tuismitheoirí nó leas-tuismitheoirí an dílleachta.

nó

- **Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach)**, atá bunaithe ar thástáil acmhainne an dílleachta.

Tabhair faoi deara

Tá pinsean caomhnóra ar leith ar fáil faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde. Tá an pinsean seo ann do dhílleachtaí a bhfuair a dtuismitheoir, a leas-tuismitheoir nó duine eile a thug aire dóibh bás, mar thoradh ar thimpiste nó ar ghalair oibre. Má theastaíonn uait tuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

2. Cé hé an duine atá mar dhílleachta?

Tá an leanbh mar dhílleachta nuair:

- atá an bheirt tuismitheoirí marbh

nó

- atá tuismitheoir amháin marbh nó anaithnid nó má thréig sé/sí an leanbh agus gur theip air/uirthi cúram a chur ar fáil don leanbh agus má tá an tuismitheoir eile anaithnid nó gur thréig sé/sí an leanbh agus gur theip air/uirthi cúram a chur ar fáil don leanbh.

Ní féidir éileamh a chur isteach do leanbh/leanaí atá ina gcónaí le tuismitheoir, tuismitheoir uchtaithe nó leas-tuismitheoir ná do leanaí atá faoi chúram cónaithe nó altramais.

Caithfidh an leanbh a bheith faoi bhun 18 mbliana d'aois nó faoi 22 bliain d'aois agus é/í ag gabháil don oideachas lánaimseartha i rith an lae, ar scoil nó ar choláiste aitheanta.

3. Cé atá in ann iarratas a chur isteach ar Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó (Neamh-ranníocach)?

Más tusa caomhnóir an dílleachta, gheobhaidh tú an íocaíocht de ghnáth.

Is ionann an caomhnóir agus an duine a bhfuil an leanbh ina c(h)ónaí faoina c(h)úram de ghnáth.

Caithfidh an dílleachta a bheith ina g(h)náthchónaí leat agus tú mar chaomhnóir aige/aici agus caithfidh tú a bheith freagrach as cúram an dílleachta.

D'fhéadfadh caomhnóir a bheith ceaptha ag na cúirteanna. I gcás nach bhfuil aon chaomhnóir ceaptha go dlíthiúil, d'fhéadfadh an duine a bhfuil an dílleachta ina c(h)ónaí leis/léi agus atá freagrach as a c(h)úram an íocaíocht a fháil, fad is go n-úsáideann an duine an íocaíocht ar mhaithe le leas an dílleachta.

I gcás go bhfuil dílleachta ag freastal ar chúrsa oideachais lánaimseartha agus go bhfuil sé/sí idir 18 agus 22 bliain d'aois agus mura bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí le, ná faoi chúram caomhnóra, is féidir an íocaíocht a dhéanamh leis/léi go díreach.

4. Céard é an coinníoll maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC don Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)?

Caithfidh 26 seachtain de ÁSPC a bheith íoctha ag aon am amháin ar a laghad ag tuismitheoir nó ag leas-tuismitheoir an dílleachta, le bheith cáilithe di.

Baineann **Aicmí ÁSPC A, B, C, D, E, H** agus **S** leis seo.

Árachas Sóisialach agus cónaí taobh amuigh d'Éirinn

Sa chás nach bhfuil taifead árachais shóisialaigh Éireannach tuismitheora nó leas-tuismitheora dóthanach chun teidlíocht a bhunú i leith Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach), d'fhéadfaí é a chomhcheangal le hárachas sóisialach inríofa i dtíortha atá cuimsithe faoi Rialacháin an AE nó i dtíortha a bhfuil Comhaontú Déthabhaoch Leasa Shóisialaigh acu le hÉirinn. Is gá go mbeadh íosmhéid ranníocaíocht amháin Éireannach árachais shóisialaigh íoctha sular féidir taifid árachais Éireannacha agus eachtracha a chomhcheangal, chun teidlíocht i leith Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) a chur ar fáil. Bheadh an íocaíocht iníoctha ar an ráta iomlán.

Is iad na tíortha atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE nó faoi Chomhaontú Déthaobhach ná:

- An Astráil
- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- Ceanada
- Oileáin Mhuir nloch
- Poblacht na Seice
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Nua-Shéalainn
- An Iorua
- Stáit Aontaithe Mheiriceá
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- Oileán Mhanann
- An Iodáil
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- Poblacht na Cipire (Deisceart na Cipire)
- Poblacht Chóiré
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Pholainn
- An Phortaingéil

5. Céard í an tástáil acmhainne don Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach)?

Déantar measúnú ar acmhainn an dílleachta, i gcás na hÍocaíochta Caomhnóra (Neamh-ranníocach).

Cad a áirítear mar acmhainn?

Is ionann acmhainn agus aon ioncam atá ag an dílleachta nó sealúchas nó sócmhainn atá aige/aici, a d'fhéadfadh airgead a thabhairt isteach nó ioncam a chur ar fáil dó/di.

D'fhéadfadh Cigire Leasa Shóisialaigh cuairt a thabhairt ar áit chónaithe an chaomhnóra agus d'iarrfadh sé/sí ar na sonraí faoi nithe a áirítear mar acmhainn. D'fhéadfadh an Cigire doiciméid a iarraidh chomh maith, amhail cuntais nó ráitis ón mbanc. Ba cheart an Roinn seo a chur ar an eolas láithreach faoi mhéadú nó athrú ar bith a thagann ar acmhainn an dílleachta.

Conas a dhéantar measúnú ar choigilteas, infheistíochtaí agus ar réadmhaoin?

Ní fhéachtar ar an ioncam a thagann ó infheistíochtaí ná ar airgead atá i gcuntas coigiltis mar acmhainn an dílleachta. Ina áit sin, cuirimid na nithe infheistíochta seo a leanas le chéile agus úsáidimid foirmle chun acmhainn an dílleachta a ríomh:

- luach airgid thirim na n-infheistíochtaí agus na réadmhaoine,
- airgead i gcuntas coigiltis,
- airgead ar láimh nó airgead i gcuntas reatha i mbanc.

Ioncam:	Acmhainn sheachtainiúil a bhíonn measúnaithe:
An chéad €20,000	Nialas
€20,000 - €30,000	€1 in aghaidh €1,000
€30,000 - €40,000	€2 in aghaidh €1,000
Breis is €40,000	€4 in aghaidh €1,000

Sampla

Tá coigilteas €29,000 ag dílleachta

Méid an choigiltis	€29,000
Lúide an chéad €20,000 (gan aird tugtha air)	€20,000
Acmhainn inmheasúnaithe	€9,000
€9,000 á mheasúnú ar €1 in aghaidh €1,000	€9.00
Acmhainn sheachtainiúil	€9.00

Má theastaíonn uait sonraí a fháil faoi na méideanna seachtainiúla d'Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach), logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Cén rud nach n-áirítear mar acmhainn?

Seo a leanas roinnt de na rudaí nach ionann iad agus acmhainn:

- áit chónaithe an dílleachta féin,
- aon íocaíocht ón Roinn seo, agus
- ioncam ó eagraíochtaí carthanachta áirithe.

6. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir Íocaíocht Caomhnóra a íoc go seachtainiúil:

- ag d'oifig phoist áitiúil le cárta seirbhísí sóisialacha,
nó
- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais. Is gá go mbeadh cuntas reatha, taisce nó coigiltis i gceist.

Dul Thar Lear

Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)

Má tá sé i gceist agat dul thar lear le bheith i do chónaí ansin agus má bhíonn tú á íoc le hÍocaíocht dhíreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais, ba cheart duit fógra a thabhairt don Roinn 4 seachtaine sula rachaidh tú thar lear.

Má tá sé i gceist agat dul thar lear le bheith i do chónaí ansin agus má bhíonn tú á íoc san oifig phoist, ba cheart duit leanúint de bhailiú na hÍocaíochta go dtí an Aoine sula bhfágfaidh tú.

Ba chóir duit sonraí a sheoladh ar aghaidh chugainn ansin faoi do sheoladh nua agus faoi chuntas in institiúid airgeadais inar mhaith leat an íocaíocht a fháil:

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach)

Ní féidir Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach) a fháil taobh amuigh den Stát. Ba cheart duit a rá linn nuair atá tú chun imeacht, ionas gur féidir linn an íocaíocht a stopadh fad is atá tú thar lear.

7. Cé mhéad atá i gceist leis an íocaíocht?

Má theastaíonn uait sonraí a fháil faoi na rátaí íocaíochta, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Bíonn ráta na hÍocaíochta Caomhnóra (Neamh-ranníocach) faoi réir acmhainn an dílleachta. Dá mhéad an acmhainn, is ea is lú an íocaíocht.

8. Cén fhad a maireann an íocaíocht?

Leantar d'íoc na hÍocaíochta Caomhnóra (Ranníocach) agus (Neamh-ranníocach) do gach dílleachta cáilithe, go dtí go mbeidh sé/sí 18 mbliana d'aois, ach amháin má cháilíonn sé/sí d'íocaíocht leasa shóisialaigh ina c(h)earth féin. Leanfar den íocaíocht go dtí deireadh na bliana acadúla ina mbainfidh an dílleachta 22 bliain d'aois amach, má tá sé/sí ag gabháil don oideachas lánaimseartha i rith an lae ar scoil nó ar choláiste aitheanta.

Caithfidh tú Rannóg na gCaomhnóirí a chur ar an eolas láithreach, má fhágann dílleachta an teaghlach le dul ar ais le bheith ina c(h)ónaí le tuismitheoir nó má thagann tuismitheoir le bheith ina c(h)ónaí leis an dílleachta.

9. Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?

Más caomhnóir thú, ba cheart duit iarratas a chur isteach orthu seo taobh istigh de thrí mhí ón am a dhéantar dílleachtaí de na leanaí nó ón am a thagann siad le bheith ina gcónaí leat.

Rabhadh: Má theipeann ort iarratas a chur isteach in am, d'fhéadfá cuid de d'íocaíocht a chailleadh.

Cuir foirm iarratais **GP 1** agus í comhlánaithe, ar ais chuig:

Rannóg na gCaomhnóirí

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó

+353 71 91 57100 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)

Doiciméid atá de dhíth in éineacht le d'éileamh

- Do theastas breithe, má rugadh taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann thú
- Teastais bhreithe do na leanaí, má rugadh taobh amuigh den Phoblacht na hÉireann iad
- Teastas báis an tuismitheora mhairbh/na dtuismitheoirí marbha, más bainteach, má tharla an bás taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann

Tabhair faoi deara

Ní ghlacaimid le fótachóipeanna de na teastais.

Beidh deimhniú scríofa **neamhspleách** de thréigean tuismitheora agus de theip i leith soláthar a dhéanamh don leanbh/do na leanaí de dhíth orainn chomh maith.

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP)

Is gá duit d'uimhir PSP a thabhairt, chomh maith le hUimhreacha PSP na leanaí a bhfuil sé i gceist agat íocaíocht a éileamh ar a son. Mura bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat, déan teagmháil le d'Oifig Áitiúil Leasa Shóisialaigh le do thoil. Tabharfaidh siad d'uimhir PSP duit. Más rud é nach bhfuil ceann acu agat, inseoidh siad duit céard is gá a dhéanamh chun uimhir a fháil duit féin.

Má tá tú ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

10. Céard iad na hÍocaíochtaí leasa shóisialaigh eile is féidir a íoc in éineacht leis an Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó (Neamh-ranníocach)?

Más caomhnóir thú, is féidir leat íocaíocht a fháil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i do cheart féin, chomh maith le hÍocaíocht Caomhnóra a fháil do leanbh cáilithe ar bith atá ina c(h)ónaí leat. Ach ní féidir leat Méadú do Leanbh Cáilithe a fháil do leanbh ar bith a bhfuil Íocaíocht Caomhnóra á híoc ar a s(h)on.

Is féidir le leanbh a bhfuil Íocaíocht Caomhnóra á híoc ar a s(h)on na hÍocaíochtaí seo a leanas a fháil chomh maith, má shásaíonn sé/sí na coinníollacha cáilitheacha cúí:

- Sochar Breoiteachta
- Sochar Máithreachais
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta
- Sochar Uchtaíoch
- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta,
- Sochar Díobhála
- Forlíonadh Éagumais
- Sochar Báis
- Pinsean (Ranníocach) nó (Neamh-ranníocach) Baintrí/Baintreach Fir
- Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora.

Tabhair faoi deara

Níl an Íocaíocht Caomhnóra agus an Liúntas Cúram Altramaís iníoctha le chéile.

11. An bhfuil aon sochair bhreise ann?

D'fhéadfadh duine a fhaigheann Íocaíocht Caomhnóra a bheith i dteideal:

- Liúntas Breosla
- Deontas Méala
- Cúnamh faoi Scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh.

Liúntas Breosla

Íoctar an liúntas seo ó Mheán Fómhair go hAibreán agus tá sé faoi réir coinníollacha áirithe. Ar na coinníollacha atá ann, caithfidh an duine a bheith ina c(h)ónaí leis/léi féin nó le daoine áirithe agus caithfidh an teaghlach tástáil acmhainne a shásamh. (Ní féidir ach Liúntas Breosla amháin a íoc le gach teaghlach).

Deontas Méala

D'fhéadfá a bheith cáilithe do Dheontas Méala agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí árachais, nuair a fhaigheann duine bás.

Cúnamh faoi Scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh

D'fhéadfadh Feidhmeannacht Áitiúil na Seirbhíse Sláinte cúnamh a chur ar tairiscint faoin Scéim seo le híocaíochtaí cíosa nó forlíonadh ús morgáiste, speansais sochraide nó íocaíochtaí do riachtanais eisceachtúla.

Má tá tú ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

12. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má theastaíonn uait tuilleadh eolais a fháil faoin **Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach)** agus an **Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach)**, déan teagmháil leis an seoladh ar leathanach 9.

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Leabhráin úsáideacha eile:

An Scéim Náisiúnta Breosla	SW 17
Leabhrán na Rátaí Íocaíochta	SW 19
Sochar Báis	SW 32
Deontas Méala	SW 47
Liúntas Leasa Forlíontach	SW 54
Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí	SW 100

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan - Aoine, 9rn - 9in)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.